

Ag obair i dtreo cothromaíocht inscne ar bhoird ghníomhaireachtaí AE

Is cuid thábhachtach den Aontas Eorpach iad gníomhaireachtaí AE, a oibríonn ar cheisteanna éagsúla a théann i bhfeidhm ar shaol na mban agus na bhfear araon — amhail bia, sábháilteacht, comhionannas inscne agus i bhfad níos mó freisin.

Tá gach gníomhaireacht faoi stiúradh boird bainistíochta, atá freagrach as a chinntiú go ndéanann an ghníomhaireacht an sainordú aige a chomhlíonadh. Is gnáth gur ionadaithe na mBallstát, an Choimisiúin Eorpaigh agus Pharlaimint na hEorpa nó gníomhaireachtaí eile iad na comhaltaí boird.

D'ainneoin tiomantas AE don chomhionannas inscne sa chinnteoireacht, tá easpa mhór cothromaíochta inscne ar bhoird na ngníomhaireachtaí AE. Ní mná iad na cathaoirligh ach ar bhord amháin as trí, agus i gcás na gcomhaltaí, is ísle fós é an cóimheas ban is fear.

Is iad na Ballstáit is mó a ainmníonn comhaltaí na mbord bainistíochta, agus an Coimisiún Eorpach agus Parlaimint na hEorpa ina dhiaidh sin.

In 2015, as na comhaltaí den bhord bainistíochta arna gceapadh ag na Ballstáit, níor mhná ach 30 % acu. D'ainmnigh an Coimisiún Eorpach agus Parlaimint na hEorpa mná i gcás 26 % agus 40 % de na poist, faoi seach.

Gluais agus Teasáras Comhionannais Inscne Tairseach phaireachta

D'fhonn an sprioc de rannpháirtíocht chothrom idir mná agus fir a bhaint amach, meastar i gcoitinne gurb é ráta rannpháirtíochta 50/50 an tairseach phaireachta. Measann Comhairle na hEorpa gurb é íosráta rannpháirtíochta 40 % do mhná agus d'fhir an tairseach phaireachta.

<http://eige.europa.eu/rdc/thesauru>



Figiúr 1 — Mná ainmnithe/ceaptha ar bhoird ag na Ballstáit



Laghdú ar líon na bhfeidhmeannach mná i ngníomhaireachtaí AE

I gcodarsnacht leis an méadú treallach, más ginearálta, ar chionroinnt na mban a cheaptar i ról uachtaránachta ar bhoird bhainistíochta, tháinig méadú ar líon na mban a raibh poist cheannaireachta i ngníomhaireachtaí AE ó 2003-2009, a shroich 29 % (6 as 21) in 2009. Ach d'athraigh an treocht sin agus thit an céatadán sin go 16 % in 2014 (¹).

Is uirlis fhóinteach é Bunachar Sonraí Staitisticí Inscne de chuid EIGE chun monatóireacht a dhéanamh ar chothromaíocht inscne sa chinnteoireacht i ngníomhaireachtaí AE. Is féidir teacht ar shonraí ábhartha trí chuardach a dhéanamh faoin bpointe iontrála “mná agus fir sa chinnteoireacht”.

Thosaigh an laghdú ar líon na mban sa chinnteoireacht fheidhmeannach tráth a mhéadaigh líon na ngníomhaireachtaí AE ó 24 go 37 idir 2011 agus 2012, agus na poist nua á dtabhairt d'fhir den chuid is mó.

Toradh le bearta inscne

In 2015, bhí bearta cothromaíochta inscne i rialachán bunaidh, nó a tugadh isteach i leaganacha níos déanaí, i níos mó ná an ceathrú cuid de ghníomhaireachtaí AE (10 as 39). Léiríonn toradh EIGE gur airde ar an meán cionroinnt na mban ar an mbord sna gníomhaireachtaí a bhfuil bearta cothromaíochta inscne glactha acu. I gcás 30 % de na gníomhaireachtaí a bhfuil a leithéid de bhearta glactha acu, cuireadh feabhas ar an leibhéal cothromaíochta inscne, i gcomparáid le 18 % de na gníomhaireachtaí nach bhfuil na bearta sin acu.

Gníomhaireachtaí a bhfuil cothromaíocht inscne ar an mbord

- Eurofound, ETF, FRA (bearta cothromaíochta inscne)
- CPVO, ECDC, ECHA, OHIM, CdT (gan bearta inscne)


An áit le tuilleadh faisnéise ó EIGE a fháil

Tá na sonraí is déanaí a bhaineann le cumhacht agus cinnteoireacht ar leibhéal náisiúnta agus ar fud an AE sa Bhunachar Sonraí Staitisticí Inscne. Tá sonraí inchomparáide ar fud na mBallstát.

(¹) Mná a bhí i gceannas ar 6 as 38 ngníomhaireacht in 2014:

An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA), an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint (GEC), an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE), an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margáí (ESMA), an Fhondúireacht Eorpach Oiliúna (ETF), Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh (CdT).

Figiúr 2 — Céatadán na mban sna poist chinnteoireachta is tábhachtaí i ngníomhaireachtaí AE de réir bliana



Is éifeachtach iad forálacha cothromaíochta inscne i ndoiciméid dhlíthiúla na gníomhaireachta maidir le feabhas a chur ar chothromaíocht inscne sna boird bhainistíochta. Go háirithe i ngníomhaireachtaí atá ag obair in earnálacha ina bhfuil móréagothroime inscne, de bharr leithscaradh inscne (e.g. baincéireacht, iompar agus cosaint).

Cás rathúil

Ní raibh aon fhorálacha inscne i rialachán bunaidh an Údaráis Eorpaigh um Urrúis agus Margaí (ESMA) agus ní raibh aon chomhalta mná ar an mbord bainistíochta tráth a bhunaithe. Ach cuireadh forálacha dá leithéid leis mar leasú ar an téacs bunaidh, agus idir 2003 agus 2014, tháinig méadú 12 phointe céatadán ar chionroinnt na gcomhaltaí mná idir 2003 agus 2014.

Leithscaradh inscne ann i gcónaí

Is airde cionroinnt na mban ar bhoird gníomhaireachtaí a bhíonn ag plé le ceisteanna soch-chultúrtha (45 %), i gcomparáid leis an meán, 29%. In earnálacha inar choitianta é leithscaradh fostaíochta, ar nós bonneagar, baincéireacht/airgeadais agus slándáil/cosaint, is mór an dúshlán é ceapacháin atá cothrom ó thaobh inscne de a chinntiú.

Is léiriú é forlámhas na bhfear ar bhoird na ngníomhaireachtaí Eorpacha, ar nós Údaráis Mhaoirseachta Eorpacha, Údaráis Rialtóirí Eorpach, agus gníomhaireachtaí CBES ar an leithscaradh sin, ós rud é go gceaptar oifigigh a bhfuil poist áirithe acu ar leibhéal náisiúnta nó AE ar an mbord go huathoibríoch.

Is cosúil an leithscaradh inscne atá le feiceáil i ngníomhaireachtaí AE leis an méid atá le feiceáil in aireachtaí náisiúnta, ina bhfuil na haireachtaí a bhaineann le bunfheidhmeanna an stáit amhail cosaint, ceartas agus beartas eachtrach i lámha na bhfear, agus na mná in aireachtaí lena mbaineann feidhmeanna soch-chultúrtha, ar nós an oideachais, na sláinte, an chultúir.

In 2014, ní raibh ach 6 as 38 ngníomhaireacht AE faoi cheannas mná



Tiomantas don chomhionannas inscne

Sa Straitéis um Chomhionannas Inscne de chuid an **Choimisiúin Eorpaigh** 2016-2019, dearbhaítear a thiomantas chun comhionannas idir fir agus mná a chur chun cinn sa chinnteoireacht.


Dhearbhaigh an Coimisiún a thiomantas freisin chun cothromaíocht inscne a chur chun cinn go himmheánach, agus sprioc á socrú aige go

mbeidh 40 % de na comhaltaí i gcoistí agus grúpaí saineolaithe arna mbunú ag an gCoimisiún d'aon inscne.

D'iarr **Parlaimint na hEorpa** ar na Ballstáit arís is arís eile ionadaíocht na mban a mhéadú i gcomhlachtaí cinnteoireachta agus thug sí cuireadh don Choimisiún reachtaíocht a mholadh, cuótaí san áireamh, chun ionadaíocht na mban a mhéadú i gcomhlachtaí bainistíochta corparáideacha chuig 40 % faoi 2020 ⁽²⁾.

(²) Féach Rún an 6 Iúil 2011 maidir le mná sa cheannaireacht ghnó (2010/2115(INI)), Rún ón 13 Márta 2012 maidir le comhionannas idir mná agus fir san Aontas Eorpach — 2011 (2011/2244(INI)).

Figiúr 3 — Mná ar bhord ghníomhaireachtaí AE de réir tíopeolaíocht BEIS, 2015



Is é an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne

Is é an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) lárionad eolais AE maidir le comhionannas inscne. Cuireann EIGE tacaíocht ar fáil don lucht déanta beartais agus gach institiúid ábhartha lena gcuid iarrachtaí chun comhionannas idir mná agus fir a chur i bhfeidhm i saol na nEorpach ar fáil trí shaineolas agus sonraí inchomparáide agus iontaofa maidir le comhionannas inscne a chur ar fáil san Eoraip.

Tuilleadh faisnéise:

<http://eige.europa.eu>

[facebook.com/eige.europa.eu](https://www.facebook.com/eige.europa.eu)

twitter.com/eurogender

[youtube.com/eurogender](https://www.youtube.com/eurogender)

eige.sec@eige.europa.eu

+370 52157444



Is é an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE)
Gedimino pr. 16
LT-01103 Vilnius
LITHUANIA

Paper: MH-02-16-054-GA-C 978-92-9493-124-5 10.2839/192263
PDF: MH-02-16-054-GA-N 978-92-9493-135-1 10.2839/45177